COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

An Bhruiséil, 5 Márta 2014
(OR. en)

6642/14
ADD 1 REV 1

Comhad Idirinstitiúideach: 2012/0190 (COD)

CODEC 454
ENV 154
ENT 52

NÓTA ÍTIME "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 maidir le rialacha mionsonraithe a shainiú chun an sprioc 2020 a bhaint amach i ndáil le hastaíochtaí CO_2 ó ghluaisteáin nua phaisinéirí a laghdú **(an chéad léamh)** - Glacadh an ghnímh reachtaigh **(GR + R)** = Ráitis

Ráitis ón gCoimisiún

1. Téacs an Ráitis ón gCoimisiún: Sprioc 2025

Nuair a dhéanfaidh an Coimisiún measúnú tionchair ar sprioc 2025, measfaidh sé a iomchuí atá raon uaillmhéine i leith leibhéal/rátaí laghdaithe, a bheidh ag luí le spriocanna fadtéarma aeráide an Aontais Eorpaigh agus le conair an laghdaithe astaíochtaí dá dtagraítear in aithris 7 de Rialachán (AE) Uimh. xxx/2013. Leis an measúnú sin, cumhdófar raon na huaillmhéine atá á lorg ag Parlaimint na hEorpa do sprioc 2025 sa raon ó 68g go 78g CO_2 in aghaidh an chiliméadair, arb ionann é agus laghdú 4-6% in aghaidh na bliana ar sprioc 2020. Leis an measúnú tionchair, caithfear a mheas freisin raon leathan saincheisteanna a mbeidh na nithe seo a leanas ina measc: spriocanna fadtéarma do bheartas aeráide, éifeachtúlacht chostais, iomaíochas, infhaighteacht

theicneolaíoch, cothromas sóisialta, neodracht i ndáil le hiomaíocht. Aon chonclúid a thiocfaí air sa mheasúnú tionchair faoi leibhéal iomchuí na huaillmhéine do sprioc 2025, chaithfí éifeachtaí a chothromú leis maidir le raon na réimsí éagsúla arna measúnú.

2. Téacs an Ráitis ón gCoimisiún: Nós Imeachta Tástála Saothair Éadroim Domhanda (WLTP)

Tacaíonn an Coimisiún go láidir leis an obair leanúnach faoi chuimsiú UNECE, a bhfuil sé d'aidhm aige go mbeidh an nós imeachta tástála saothair éadroim domhanda oibríochtúil do chineálacha nua feithiclí faoin 1 Eanáir 2017. Tá obair faoi siúl ag UNECE le tamall agus dá bhrí sin, dhíreodh an Coimisiún ar thimthriall nua tástála agus nósanna imeachta nua tástála a chur chun feidhme i ndlí an Aontais in 2014.

3. Téacs an Ráitis ón gCoimisiún maidir leis an nós imeachta chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil sé contrártha le teachtaireacht agus le spiorad Rialachán 182/2011 (IO L 55 an 28.2.2011, lch. 13), pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 5 § 4 a agairt ar mhodh córasach. Níor cheart dul i muinín na forála sin ach amháin má tá gá sonrach ann imeacht ón riail láimhe, is é sin go bhféadfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh mura dtugtar aon tuairim. Toisc gurb eisceacht é ón riail ghinearálta a bunaíodh le hAirteagal 5 § 4, ní féidir glacadh le dul i muinín phointe (b) den dara fomhír mar "cumhacht lánroghnach" de chuid an Reachtóra, agus ní mór ciall a bhaint as ar bhealach sriantach agus, mar sin, údar a bheith leis.

Ráiteas comhpháirteach ón mBeilg, ón Danmhairg agus ón Ísiltír

Toisc go bhfuil sé ríthábhachtach go dtabharfar intuarthacht do mhonaróirí gluaisteán, tacaíonn an Bheilg, an Danmhairg agus an Ísiltír le glacadh *"Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 maidir le rialacha mionsonraithe a shainiú chun an sprioc 2020 a bhaint amach i ndáil le hastaíochtaí CO_2 ó ghluaisteáin nua phaisinéirí a laghdú"* agus iarrann siad, ag an am céanna, go ndéanfar leibhéal na huaillmhéine a oiriúnú in am trátha agus i gcomhréir le *"Treochlár chun bogadh i dtreo geilleagair iomaíoch ísealcharbóin faoi 2050" (COM (/2011) 0112 final)* agus timthriall tástála agus nósanna imeachta tástála lena mbaineann a chur chun feidhme a luaithe is féidir d'fhonn léiriú níos fearr a fháil ar astaíochtaí feithiclí sa ghnáthshaol.